

Riachtanais Oideachais

Íoscháilíochtaí Oideachais

Ní mór d'fhágálaithe scoile/Céimithe Neamh Grád C3 i 3 pháipéar Ardleibhéal agus Grád D3 i 3 pháipéar Gnáthleibhéal/Ardleibhéal a bheith acu ó aon iarracht amháin ar Scrúdú na hArdteistiméireachta. Ní ghlacfar leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach don chomórtas seo.

Ní mór Grád D3 ar a laghad a bheith acu sna hábhair seo a leanas ag Gnáthleibhéal/Ardleibhéal:

1. Matamaitic.
2. Gaeilge (Tá feidhm le heisceachtaí máithreánaigh NUI).
3. Béarla (I gcás iarrthóirí nach Béarla a gcéad theanga ní mór dóibh na riachtanais Bhéarla a shásamh faoi réir Rialachán Máithreánaigh NUI).
4. Tríú teanga (inghlactha do chúinsí Clárúcháin Mháithreánaigh NUI). Tá feidhm le heisceachtaí máithreánaigh NUI.
5. Dhá ábhar Máithreánaigh eile nach bhfuil roghnaithe cheana féin.

Ó tharla gur tugadh scéim ghrádála nua isteach maidir leis an **Ardteistiméireacht sa bhliain 2017**, beidh **ÍOSCHÁILÍOCHTAÍ OIDEACHAIS** mar seo a leanas i bhfeidhm i ndáil le hiarrthóirí a chuaigh faoin scrúdú sin sa bhliain 2017 nó a théann faoin scrúdú sin sa bhliain 2018:

An tArm (Líne) agus an tArm (an Scoil Eachaíochta), Comórtais Daltais Ní mór don Lucht Fágála Scoile/Neamhchéimithe Grád H5 ar a laghad a ghnóthú maidir le trí cinn de pháipéir Ardleibhéal agus Grád O6/H6 ar a laghad maidir le trí pháipéar Gnáthleibhéal/Ardleibhéal.

Ní mór Grád O6/H6 ar a laghad a ghnóthú sna hábhair Gnáthleibhéal/Ardleibhéal seo a leanas:

1. Matamaitic.
2. Gaeilge. Tá feidhm le cásanna eisceachta maidir le coinníollacha Máithreánacha Ollscoil na hÉireann.
3. Béarla. Ní mór don iarrthóir nach é an Béarla an chéad teanga aige nó aici na coinníollacha maidir le Béarla a ghabhann le Rialachán Ollscoil na hÉireann don Mháithreánú a shásamh.
4. An tríú teanga atá inghlactha chun críche Clárú Máithreánach de chuid Ollscoil na hÉireann. Tá feidhm le cásanna eisceachta maidir le coinníollacha Máithreánacha Ollscoil na hÉireann.
5. Dhá Ábhar Mháithreánacha sa bhreis ar na hábhair atá roghnaithe cheana féin

Céimithe

Ní mór go mbeadh Grád D3 ar a laghad ag Céimithe sna hábhair Ard/Gnáthleibhéal seo a leanas:

1. Matamaitic.
2. Béarla nó Gaeilge
3. Aon cheithre ábhar Maithreánaigh nach bhfuil roghnaithe cheana

AGUS

Ní mór go mbeadh céim aitheanta acu i.e. Céim Tríú Léibhéal a bronnadh roimh dheireadh 2004. Le héifeacht ó 2005 ní mór go mbeadh clár Chéim Bhaitsiléara críochnaithe go rathúil acu ag leibhéal 8 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tabhair faoi deara:

Cuirtear fáilte roimh iarratais do gach catagóir de Dhaltachais ó dhuine a chuir isteach ar suí le haghaidh scrúduithe sa bhliain chomórtas cuirfidh ar a gcumas a shásamh na critéir íosta oideachais cáilíochtaí mar a shonraítear thuas.

Tá tuilleadh eolais faoin máithreánaigh ar fáil ar www.nui.ie. Ní mór d'iarrthóirí cruthúnas doiciméadach a chur ar fáil ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann le linn nós imeachta roghnúcháí